**Caingean arna taisceadh an 29 Samhain 2022 – BIW Invest v EUIPO – New Yorker Marketing & Media International (COMPTON)**

**(Cás T-746/22)**

(2023/C 24/104)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* BIW Invest AG (Appenzell, an Eilvéis) (ionadaithe: E. Mielke, U. Stelzenmüller agus J. Weiser, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* New Yorker Marketing & Media International GmbH (Braunschweig, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir

*An trádmharc atá faoi cheist:* An focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "COMPTON" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 14 539 092

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealúcháin

*An cinneadh atá faoi chonspóid:* An cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 16 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1915/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus, i gcás inarb iomchuí, don pháirtí eile costais na n-imeachtaí seo agus costais na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar an dara habairt d'Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.